



I dtrínse sa líne thosaigh sa Fhrainc, 1916.

(Library of Congress, Washington)

An Chéad Chogadh Domhanda in 1916

Nuair a fógraíodh an cogadh ar 4 Lúnasa 1914, bhí corradh le 25,000 Éireannach cheana féin ar dualgas i ngnátharm na Breataine agus 30,000 Éireannach sa chúltaca. Ó tharla gur tarraingíodh an chuid ba mhó de mhórchumhachtaí na hEorpa isteach sa Chogadh, spréigh sé go coilíneachtaí na hEorpa ar fud an domhain. Chonaic fir Dhún na nGall go raibh siad ag troid ní amháin san Eoraip ach fosta san Éigipt agus sa Mheasapataim agus san Afraic chomh maith agus ar longa sa Mhuir Thuaidh agus sa Mheánmhuir.

Ba í 1916 an bhliain ba mheasa den chogadh, maraíodh ní ba mhó saighdiúirí an bhliain sin ná in aon bhliain ar bith eile. Fá dheireadh 1916, bhí sáinn gan réiteach ann agus an dá thaobh sáite ina n-áit go daingean. Fán am sin bhí deireadh dúile bainte den chogadh a bheith 'thart fá aimsir ná Nollag'. In áit bheith ag dúil le críoch ghasta leis an chogadh bhíothas ag tuiscint anois cad é chomh mór agus a bheadh an íobairt i dtaca leis an méid daoine a gheobhadh bás.

Earcú agus Liostáil

Reáchtáladh cruinnithe earcaíochta ar fud an chontae. In 1916, scríobh an Roinn Earcaíochta in Éirinn chuig an Easpag Ó Dónaill, i nDun na nGall, ag iarraidh:

“ . . . gurbh fhiú cruinnithe earcaíochta a reáchtáil taobh amuigh de thithe pobail i ndiaidh Aifrinn Dé Domhnaigh nó Laethe Saoire.”



Fógra earcaíochta d'Arm na Breataine chuig iarphearsanra airm, Samhain 1914

(Donegal County Archives)



An Canónach Mac Giolla Cheara
(Bailliúchán Mhúsaem Chontae Dhún na nGall)

Liostáil fir ó gach pobal agus as gach cearn de Chontae Dhún na nGall. Liostáil siad i dtrí Rannán úra Airm: an 10ú (Éireannach), an 16ú (Éireannach) agus an 36ú (Ulaidh), a bunaíodh i ndiaidh thús an chogaidh. Chuaigh siad isteach fosta i reisimintí seanbhunaithe mar Fhiúsailéirí Ríoga Inis Ceithleann, na Royal Irish Fusiliers, na Royal Irish Rifles, na Connaught Rangers, na Royal Munster Fusiliers, agus na Royal Dublin Fusiliers. Chuaigh siad isteach i reisimintí i Sasain, in Albain agus sa Bhreatain Bheag. Liostáil imircigh in airm na hAstráile, na Nua-Shéalainne, Ceanada, na hAfraice Theas, na hIndia agus na Stát Aontaithe. Chuaigh cuid isteach sa Royal Flying Corps agus bhí cuid eile as Dún na nGall sa Chabhlaigh Ríoga agus ba Mhairneálaigh Trádála iad.

Liostáil go leor acu mar gheall ar mheascán de dhífhostaíocht, idéalachas agus fonn eachtraíochta. Bhí an pá maith i gcomparáid le poist eile agus dhíoltaí liúntas le céile an tsaighdiúra agus é ar shiúl ar dualgas.

Liostáil séiplínigh Éireannacha de gach sainchreideamh fá choinne seirbhíse le linn an Chogaidh. In Eanáir 1916, cuireadh Ciorclán chuig Easpag na hÉireann, ag iarraidh a gcuidithe le sagairt Chaitliceacha a fháil le liostáil. Bhí an tAthair Seán Mag Fhloinn, an tAthair Liam Mac an Fhile, an tAthair Tomás Ó Maolmhuidh, an tAthair Aodh Mac Gabhann, An tAthair Liam Ó Daimhín, an tOirmhinneach Barra Ó Dúgáin agus an tAthair Eoin

Mag Fhloinn orthu sin a liostáil ó Dheoise Dhún na nGall.

Seo mar a scríobh an tAthair Pádraig Mac Giolla Cheara (dá ngairtí an Canónach Mac Giolla Cheara) as Fánaid agus é sa Fhrainc, fear a liostáil in 1916:

“Is iad na daoine a bhfuil taithí acu ar anáil mhillteach an chogaidh ... is iadsan amháin atá ábalta spléachadh a fháil ar an méid a thug ‘an Cogadh Mór’ de scrios agus de phianpháis.”

Bhí an tUrramach J. Jackson Mac an tSaoir, Ministéir Preispitéireach as Béal Átha Seanaidh, sa 36ú Rannán (Ulaidh) agus bronnadh an Chrois Mhíleata air i ndiaidh Chath an Somme.

Oibríochtaí Mara

Cé gur ar an talamh is mó a troideadh an Chéad Chogadh Domhanda, de thairbhe ceannas a bheith ag na Comhghuaillithe ar an fharraige bhí siad ábalta acmhainní rithábachtacha a iompar a bhí de dhíth don Fhronta Thiar agus in áiteanna eile.

Form 18.
(Article 40.)

SEPARATE REGISTER for the Half-year ended the 30th day of September 1916, of Persons admitted liable by law to maintain them, have claimed to pay the cost of (To be kept by the Master of the Workhouse and

Get A separate list of this Register shall be sent at the beginning of each half-year. The names and other particulars of Persons remaining at the close of the preceding half-year are to be transferred, in red ink, before

Register No.	Name and Surname	Residence	Sex	Age	Whether Single, Married, Widower, or Widow	Employment or Calling	If dependent, in what capacity, whether as Wife, Child, Servant, or Apprentice, and of whom	Religious Denomination	Date of discharge or death
819	J. Connon	Assess due for Military Patients	M	19	Single	Soldier's Pension	27209, 12/11/16	Presbyterian	
820	G. Morrison	Linns Camp	M	18	"	"	27420	"	
821	G. H. Kirkpatrick	"	M	21	"	"	28622	"	"
822	John M. Hyatt	"	M	18	"	"	28706	"	"
823	Robert M. Keon	"	M	19	"	"	28708	"	"
824	Tom. Humphrey	"	M	19	"	"	28726	"	"
825	Robert Gamble	"	M	18	"	"	26673	"	"
826	Joseph Duncan	"	M	26	"	"	27388	"	"
827	M. M. Arthur	"	M	20	"	"	28284	"	"
828	James Dodeell	"	M	18	"	"	27415	"	"
829	William B. Nelson	"	M	18	"	"	27371	"	"
830	James Muthollan	"	M	26	"	"	27452	"	"
831	Robt. Irwin	"	M	25	Married	"	28510	"	"
832	Samuel Jack	"	M	20	Single	"	17435	"	"
833	W. J. Kerr	"	M	19	"	"	27370	"	"
834	W. M. Laird	"	M	32	"	"	28722	"	"
835	Tom G. Kullage	"	M	18	"	"	28728	"	"
836	J. Forrest	"	M	19	"	"	28121	"	"
837	James Spillane	"	M	24	"	"	27142	"	"
838	Joseph Reid	"	M	18	"	"	27972	"	"
839	Hubert M. Kinn	"	M	25	"	"	27868	"	"

Sliocht ón chlár iontrála ag Ospidéal Fiabhrais Bhéal Átha Seanaidh, ar a bhfuil ainmneacha saighdiúirí de chuid 12ú Cathlán Fiúsailéirí Ríoga Inis Ceithleann, a ligeadh isteach agus a fuair cóir leighis, 1916 (Cartiann Contae Dhún na nGall.)



Lanty Ó Gallchóir, Gunnadóir ar HMS Lion le linn Chath Iútlainne, 31 Bealtaine 1916 (Bailúchán Chlann Uí Ghallchóir.)

Ar 31 Bealtaine 1916, tharla Cath Iútlainne idir Ardchabhlaigh Mhórchabhlaigh Ríoga na Breataine agus Cabhlaigh Mórmhara Mhórchabhlaigh Impiriúil na Gearmáine. Ba sin an cath mara ba mhó sa chogadh agus an t-aon chomhrac ceart idir longa cogaidh.

Bhí Lanty Ó Gallchóir as an Charraig Fhinn ina Ghunnadóir ar HMS Lion le linn Chath Iútlainne. Creidtear gurbh eisean a scaoil na chéad urchair a chuir tús leis an chath. Maraíodh 99 fear agus gortaíodh 51 ar HMS Lion, Lanty san áireamh. Buaileadh eisean le píosa srápnail. Phill sé chun an bhaile i ndiaidh an chogaidh.

Ar na fir as Dún na nGall a maraíodh i gCath Iútlainne bhí na daoine a leanas: Alexander Hamaltún, An Lathaigh, Royal Marine Light Infantry, HMS Defence; George Mac Roibín, Baile Suingean, Meicneoir Seomra Innill, HMS Indefatigable; agus John Todd, Ráth Maoláin, Stócaláí 1ú Aicme, HMS Defence.

:: FROM THE TRENCHES. ::

By PATRICK MACGILL, London Irish Rifles; author of "Children of the Dead End," etc.
No. 4.—DEAD MEN.

"I'll give you a half-franc for a green envelope," I said, and my Cockney friend, Bill Teske, took the green envelope, which needed no regimental censure but was liable to examination at the Base, from his pocket.

"Art franc and five fags," he said, speaking with the studied indifference of a fishwife making a bargain.

"Half a franc and two fags," I answered.

"Art a franc and four fags," he said.

"Three fags," I ventured.

"Done," said Bill, and added, "I've now sold the bloomin' line of communication between myself and my ole man for a few coppers and a couple of measly fags."

"What's your old man's profession, Bill?" I asked.

"Is wot?"

"His trade?"

"Yer don't know my ole man, Pat?" he enquired. "Everybody knows 'im. 'E 'as as good a reputation as old times. Yer must 'ave seen 'im in the Strand wiv 'is shiny buttons, burnished like gold in a jester's winder, carryin' a board wiv ' Gold Metal Polish ' on it."

"Oh!" I said with a laugh.

"But 'e's a devil for 'is suds 'e is—"

"What are suds?" I asked.

"Beer," said Bill. " 'E can 'old more'n any man in Lunnun, more'n the clucker-out at The Cat and Mustard Pot boozier in W— Road even. Yer should see the clucker-out an' my ole man comin' 'ome on Saturday night. They keep themselves steady by rollin' in opposite directions."

"Men with good reputations don't roll home inebriated," I said. "Excessive alcoholic dissipation is utterly repugnant to dignified humanity."

"Wot?"

"Is your father a church goer?" I asked.

"Not 'im," said Bill. " 'E don't believe that one can go to 'eaven by climbin' up a church steeple. 'E's a good man, that's wot 'e is. 'E works 'ard when 'e's workin', 'e can use 'is fives wiv anyone, 'e can take a drink or leave it, but 'e prefers takin' it. Nobody can take a rise out of 'im for 'e knows 'is place, an' that's more'n some people do."

"Bill, did you kill any Germans this morning?" I asked.

We had made a charge that morning and captured two German trenches. It was now noon and we were standing in a trench which cut across the road to Loos; the whirlwind of battle had spent itself and now all was very quiet.

"Maybe I did," Bill answered, "and maybe I didn't. I saw one bloke, an' Allemon, in the front trench laughin' like 'ell. 'I'll

make yer laugh, I said to 'im, and shoved my bayonet at 'is bread basket. Then I seed 'is foot; it was right off at the ankle. I left 'im alone. After that I'd a barney. I was guin' round a traverse and right in front of me was a Boche, eight foot 'igh or more. Ooh! 'e 'ad a bayonet as long as 'imself, and a beard as long as 'is bayonet."

"What did you do?"

"Ooh! I retreated," said Bill. "Then I met four of the Jocks, they'd bombs. I told them wot I seen and they went up with me to the place. The Boche saw us and 'e rushed inter a dug-out. One of the Jocks threw a bomb, and bang!"

"Have you seen Jimmy James?" I asked.

"No, I didn't see 'im at all," Bill answered.

"I got a whiff of gas, and it made me 'arf drunk. I was mad. 'Oo's this comin'?"

The newcomer was Jimmy James, a clean shaven youth of twenty who belonged to our section. We shook hands.

"So you've got through it all right?" I asked.

"I suppose I did," he answered, but his voice lacked confidence. He was for the moment like a man awaking from a nightmare, and at a loss to distinguish the real from the unreal. "I got a whiff of gas," said Jimmy, "and it made me drunk. The — regiment got mixed up with ours, and I came across J— who was at school with me. I hadn't seen him for three years. We shook hands and had a long talk about home. Somehow I forgot we were in a charge . . . I saw a German, mother naked, running round in a circle. . . . One of his own people's shells hit him . . ."

"Did you kill any Allemongs?" asked Bill.

"I smote seventeen from the nave to the chaps," said Jimmy with a smile, sitting down on the banquette.

"Wonderful!" I exclaimed.

"Wonderful damned lie," said Bill.

"It's quiet now," I remarked. "There's nothing doing here at the moment. Now and again a German machine gun goes pot against the sandbags. Two men came down the road an hour ago, and they got hit in the head."

"And that's Loos!" said Jimmy James, getting to his feet and looking up the road. "It's hashed about a lot. There's hardly a house standing. And that's the Tower Bridge," he concluded, looking fixedly at the Twin Towers that stood scared but unbroken over Loos coal mine."

"There was a sniper up there this mornin'," said Bill. " 'E didn't 'arf cause some trouble. Knocked out dozens of our fellers. 'E was brought down at last by a bomb."

Alt a scríobh Pádraig Mac an Ghoill in 1916 fán tsaol sna trinsí
(The Bookman, Cartlann Contae Dhún na nGall.)



An Leift. Francis Law, Irish Guards, sa Fhrainc
(Baillíúchán Priobháideach Chlann Law)

An saol sna Trinsí

Go luath sa Chogadh ar an Fhronta Thiar thochail an dá thaobh sraitheanna de thrinsí a bhí ag síneadh ó chósta na Beilge go teorainn na hEilbhéise.

Chaitheadh Cathlán seal de ghnáth sna trinsí sa chéad sraith, agus ina dhiaidh sin tréimhse ag tacú, agus ansin sna línte cúltaca. Bheadh seal beag scíste acu ansin sula dtosódh siad ar na sealanna sna trinsí arís.

Seo an cur síos ar an tsaol sna trinsí a bhí ag Hugh Francis Law, Cnoc an Mharmair, 1Ú Cathlán Irish Guards;

“ag obair go síoraí ag cóiriú na ndíog a bhí ag titim as a chéile, ag líonadh málaí gainimh, ag éalú amach faoi choim na hoíche i dtreo línte an namhad fríd shreang dheilgneach. Bhí na mairbh ar fud na háite ar latrach an áir, agus b'éigean i gcónaí freastal ar na daoine a bhí gortaithe ” (Law, F, 1983).

I mí na Bealtaine 1916, chuala Hugh Law scéala fán Éirí Amach i mBaile Átha Cliath ach dúirt sé ‘nár léir trácht air ná ar a impleachtaí óna chuid fear.”


Bhí saighdiúirí ag spágáil trí thrinsí lán uisce a bhí beo le froganna agus clúdaithe le slugaí dearga agus ciaróga adharcacha. Bhí luchóga móra a gcothú féin ar an iliomad corp a bhí ann ag truailliú bia agus ag spré galair. Bhí míolta beo beathach i seamaí cultacha salacha agus d'iompair siad leo galar tógalach darbh ainm Fiabhras Trinse.

Bhí boladh ann sna trinsí a bhí ina mheascán de choirp lofa, leithris, allas, créasól agus clóiríd aoil a mbaintí úsáid aisti le baol infhabhtú a mhaolú agus le cuileoga a thiomáint ar shiúl. Bhí an timpeallacht fhuar thais faoi thalamh ina cúis le tinnis eile mar shampla Cos Trinse a tháinig ar dhaoine a bhí ina seasamh i slam fliuch d'oíche agus de ló.

Rinneadh ionsaí millteanach gáis ar an 16ú Rannán (Éireannach) idir 27 - 29 Aibreán (Seachtain na Cásca) 1916 arbh é a thoradh 1,980 bás, in Hulluch i dTuaisceart na Fraince. Ar na daoine a maraíodh bhí fir as Dún na nGall lena n-áirítear Micheál Ó Dochartaigh, Leitir Ceanainn, 26005, Fiúsailéirí Ríoga Inis Ceithleann; Proinsias Ó hÉigearthaigh, na Frosa, 17009, Royal Dublin Fusiliers; agus Eoin Ó Dochartaigh, Fánaid, 14507, Royal Dublin Fusiliers.

Cath an Somme

I súile cuid mhór de theaghlaigh Chontae Dhún na nGall, is mar bhliain an Somme a cuimhníodh ar 1916. Thosaigh Cath an Somme ar 1 Iúil 1916, is ansin a séideadh fídeoga ar 7:30 a.m., ag fógairt do shaighdiúirí dul chun troda (‘thar an barr’ an t-ainm a thug siad air). Fá mheán oíche ar an chéad lá bhí corradh le 60,000 saighdiúir Breatanach marbh nó gortaithe nó ina bpríosúnaigh.



Léarscáil de láthair chatha an Somme

(Bailiúchán Mhúsaem Chontae Dhún na nGall)



ar 7 Nollaig 1916, cuireadh síos air ar dtús mar Phríosúnach Cogaidh. Ina ráiteas finné dúirt an Saighdiúir Singil Ó Labhraí Tréan,

“Bhí muid páirteach i ngníomh in éadan ionad an namhad ar 6 p.m. ar 19ú Iúil 1916. Bhí an namhaid ina suí go daingean. Ba iad na treoracha a bhí againn an 2ú líne de thrinsí a ghlacadh. Ghabh muid an 2ú líne. Rinne an namhaid frithionsaí go luath maidin lá arna mhárach agus ghabh siad an t-ionad ar ais agus rinne príosúnaigh dinn uilig. Leonadh achan duine againn go dona agus b'éigean sinn a iompar de pháirc an áir ar shínteán. Bhí mise (an Saighdiúir Singil Ó Labhraí Tréan) i mo luí leonta go holc idir an chéad líne agus an dara líne de thrinsí na nGearmánach, nuair a tháinig amach an Sáirsint Wilson, 53ú Cathlán, agus é faoi lámhach trom agus chuidigh sé liom dul isteach sa chéad trinse. Nuair a gabhadh sinn tugadh go stáisiún íocleasuithe sinn in

Cuimhneachán an Chéad Chogaidh Dhomhanda don Chaiftín James Douglas Gaussen Mac Naois in Eaglais na hÉireann i gCarraig Mhic Uidhilín, Co. Dhún na nGall.

Throid cuid mhór fear as Dún na nGall le linn Chath an Somme. Ina measc bhí an Saighdiúir Singil Francis Long, as an Bhroclais, 16839, Fiúsailéirí Ríoga Inis Ceithleann, a fuair bás mar gheall ar chneacha a fuair sé ar an chéad lá den Chath, agus an Maor Douglas Gaussen Mac Naois, Carraig Mhic Uidhilín, Royal Field Artillery, a maraíodh ar 16 Lúnasa. Cuimhnítear ar an Mhaor Mac Naois ar Chuimhneachán Thiepval sa Fhrainc mar aon le 74,000 saighdiúir nach bhfuarthas a gcorp.

Leonadh an Saighdiúir Singil Aodh Ó Maoilchiaráin, Fiúsailéirí Ríoga Inis Ceithleann, as an Bhealtaine, Gort an Choirce, le granáid le linn Chath an Somme. Thug comharsa dá chuid as Gort an Choirce tarrtháil air ó latrach an áir, agus thug sé slán ón bhás é nuair a d'iompair sé é go Stáisiún Imréitithe Taismeach. Teascadh a lámh dheas ó chaol na láimhe suas agus chaill sé a lúidín ar an láimh chlé. (Bailiúchán Príobháideach Chlann Uí Mhaoilchiaráin).

Shíoithlaigh Cath an Somme sa deireadh i Mí na Samhna 1916. Ba thubaiste é ar scála dochreidte mór. Chaill fórsaí na Breataine 420,000 saighdiúir. Chaill na Francaigh 200,000 fear agus na Gearmánaigh beagnach 500,000 saighdiúir.

Príosúnach Cogaidh

Rugadh an Saighdiúir Singil Seosamh Aindriú Ó Labhraí Tréan, i mBealach Féich. In 1915 agus é in aois a 43, liostáil sé le 54ú Cathlán Fórsa Impiriúil na hAstráile. Liostaíodh é mar ‘Maraíodh é sa Chogadh’ ar 20 Iúil 1916 le linn Chath an Somme agus tugadh scéala a bháis dá neasghaol, Mrs Ellen Philips. Ansin



Saighdiúirí agus Banaltra ag Stáisiún Imréitithe Taismeach Ceanada Uimh. 1, áis leighis mhíleata ar chúl na línte tosaigh. Bhí na saighdiúirí leonta seo ag bogadh tríd an tslabhra leighis, i ndiaidh teacht ó na hoifigigh leighis agus stáisiúin íocleasaithe sa líne thosaigh. (Baillúchán Cartlainne George Metcalf, Cartlann Cogaidh Ceanada)



Lille agus ansin aistríodh go Valenciuis sinn áit a dteachaigh muid faoi scian dochtúra as an Ghearmáin. Baineadh 12 phíosra srápnail asam (an Saighdiúir Singil Ó Labhraí Tréan) as áiteanna éagsúla i mo chorp. Tugadh ainéistéiseach dom ach chuaigh Saighdiúirí Singil eile faoi scian gan ainéistéiseach.” (Ráiteas Finné, Imthosca Oifigiúla a bhain le Gabhadh, *Fórsaí Impiriúla na hAstráile, Mí na Nollag 1918*).

Cuireadh na Príosúnaigh Cogaidh ina dhiaidh sin go hAugsburg, an Bhaváir agus ina dhiaidh sin bogadh iad go Lager Hammelburg ('Campa Hammelburg') an áit ar cuireadh amach ag obair iad ar phoist éagsúla. I ndiaidh an tSosa Cogaidh, seoladh an Saighdiúir Singil saor chun an bhaile chun na hAstráile.

An Saighdiúir Singil Aodh Ó Maoilchiaráin, Fiúsailéirí Ríoga Inis Ceithleann, a gortaíodh i gCath an Somme, 1 Iúil 1916. (Mulhern Family Private Collection)

AN SAOL I GCONTAE DHÚN NA NGALL IN 1916



Béal an Bheara

(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)

Tírdhreach Tuaithe Dhún na nGall

“Bhí mé ag breathnú fad m’amhairc uaim ar mo ghleann féin i nDún na nGall fána chuid páirceanna ciúine, a malacháí grianmhara, a chuid cnoc crochta agus a chuid tithe beaga aolnité, soiprithe isteach faoi shraitheanna néata de chochán.” (MacGill, 1916)

Sna 34,233 teach a raibh cónaí iontu i gContae Dhún na nGall bhí daonra 168,537. Sa tírdhreach tuaithe talúntais is feirmeacha beaga leorchothaitheacha ba mhó a bhí in iarthar an chontae agus feirmeacha móra in oirthear an chontae. Fá 1916 bhí meath ag teacht ar an imirce shéasúrach ag oibrithe ó iarthar Dhún na nGall go feirmeacha ar an Lagán ach bhí bealach imirce séasúrach tábháchach eile bunaithe anois go hAlbain trí chalafort Dhoire. Bhí a lorg fágtha ag an imirce amach agus an eisimirce ar thírdhreach Chontae Dhún na nGall nó fá 1916 bhí 3,128 foirgneamh gan chónaí sa chontae. Bhí laghdú i ndiaidh teacht ar líon na bhfoirgneamh a raibh cónaí iontu ó na 1860idí a fhad is bhí méadú ar líon na bhfoirgneamh gan chónaí sa tréimhse chéanna, rud a léirigh an laghdú sa daonra de bharr an Ghorta Mhóir sna 1840idí.

Go luath san fhichiú céad, rinneadh stoc tithíochta Chontae Dhún na nGall a rangú i gceithre ghrád de thithe. De na tithe a ndearnadh cuntas orthu i nDaonáireamh 1911 ba thithe Dara Grád agus Tríú Grád an mhórchuid (93.5%), agus áiríodh 6% den stoc tithíochta mar thithe den Chéad Ghrád agus 0.5% mar thithe den Cheathrú Grád.

Bhí na tithe cónaithe a bhí ag bunús mhuintir Dhún na nGall ina dtithe measartha ina raibh dhá nó trí sheomra. In 1916, bhí cuid mhór de na tithe cónaithe sin faoi cheann tuí rópaí, cé go raibh athrach ag teacht air sin de réir mar a bhí sclátaí á dtabhairt isteach trí ghréasáin bóithre agus iarnród. Bhí bealach díreach ó dhoras tosaigh na dtithe beaga sin go dtí an príomhspás cónaithe darbh ainm ‘an chistin’. Thug teallach na príomhbhinne teas agus áit le bia a ullmhú chomh maith le háit chruinnithe don teaghlach, do chairde agus do chomharsana le scéalta agus amhraí a mhalartú, le nuacht a roinnt, le ceol a sheinm agus le cuideachta a bheith ann.



Teach den Chéad Ghrád: Teach an Reachtaire, Leitir Ceanainn
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)



Teach den Dara Grád: Céimeanna Foster, Bun an Phobail
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)



Teach den Tríú Grád: Barnes
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)



Teach den Cheathrú Grád: Gweedore
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)



Droichead Bhearnaigh, Gaoth Dobhair, c.1900idí
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)

Feirmeoireacht agus Iascaireacht

Feirmeoireacht

Sa 19ú haois bhíodh a lán d'fheirmeacha Chontae Dhún na nGall ina ngabháltais bheaga fhoroinnte á mbainistiú faoi chóras forleathan 'rondáil', ina mbíodh talamh á shaothrú i gcomhar ag comharsana. Chuirte grán, prátaí agus líon. Fá thús an fhichiú haois, bhí laghdú tagtha ar fud na hÉireann ar thraidisiún fada na feirmeoireachta arúla agus feirmeoireacht bheostoic ag dul i méid.

I mí na Nollag 1916, ritheadh rún ag Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún Fionnachaidh (CCTDF) á rá go raibh dualgas ar úinéirí talaimh an churaíocht a mhéadú (CCT Dhún Fionnachaidh, 9 Nollaig 1916, CCDG.) Mhéadaigh praghsanna le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda, ach ba iad na feirmeoirí ba shaihbhe is mó a fuair an sochar.

Thosaigh daoine a aithint go raibh deiseanna san iascaireacht agus i gceilp (feamainn). Ar 8 Aibreán, rith CCT Bhaile na nGallóglach rún a shocraigh ar achainí a chur chuig an Roinn Talmhaíochta agus chuig Bord na gCeantar Cúng go n-eagrófaí scéim fhóirsteanach le ceilp a cheannach "in ionad aoiligh a allmhairíodh go dtí sin ón Ghearmáin, agus achainí a chur fosta chuig na húdaráis mhíleata ag iarraidh cead a thabhairt do dhéantóirí ceilpe feamainn a dhó idir éirí agus luí na gréine" (CCT Bhaile na nGallóglach, 8 Aibreán 1916, CCDG).



Teachín i mBun Cranncha, c.1900idí
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)


Le linn shamhradh na bliana 1916, tharla stoirmeacha fíochmhara, teocht íseal agus fearthainn throm. Chonacthas an dúchán i nDun na nGall i mí Lúnasa. Mar gheall ar an chóimheascadh seo, ganntanas saothair agus an talamh fliuch, lobhadh a lán de na prátaí. Mhéadaigh praghsanna dá bharr agus ganntanas prátaí, rud a d'oibir tionchar ar an bharr síl a bheadh le cur an bhliain dár gcionn (*Derry People*, 1916).

D'iarr Aontas na nGleanntach ar Choiste Talmhaíochta Dhún na nGall a chur ina luí ar an Roinn Talmhaíochta na deacrachtaí a d'fhéadfadh éirí, mar a bhí tuartha, "nach mbeadh 75 de na 81 tionónta i dtithe coiteora a raibh ceapach talaimh leathacra ina seilbh, in ann prátaí síl a fháil le linn an earraigh dár gcionn." I mí na Nollag 1916, bhí prátaí ar díol ar scilling amháin an chloch. Glacadh le rún ag Comhairlí Tuaithe agus Uirbhigh Leitir Ceanainn "ag cur ar a súile don Rialtas go gcaithfí onnmhairiú prátaí as Éirinn a chosc."

Mheas an Príomh-Rúnaí Éireannach an barr prátaí folláine a bheith fá thuairim cheithre acra an t-acra reachtúil, 2.2 acra níos lú ná barr 1915 agus 1.5 tonna níos lú ná meán dheich mbliana 1904 – 1915. Ba é an meastachán 2,350,000 tonna in aghaidh 3,710,000 tonna, i mí Lúnasa 1914.

GLENTIES FAIR—Held on 12th September. Medium sized fair composed chiefly of second and third class store bullocks. Few shippers present, and demand slow at 20s to 25s per head less than recent fairs. About 35 per cent. of the cattle remained unsold owing to the high prices asked. Medium supply of blackfaced mountain sheep; demand keen at an advance of 8s per head on recent fairs, and a clearance almost effected. **Store Cattle**—Over six and not exceeding twelve months, second class, £5 15s to £8; one year old and under two years, second class, £9 to £10; liveweight average, 48s; third class, £6 15s to £8 10s; liveweight average, 42s 6d; two years old and under three years, second class, £13 to £16 10s; liveweight average, 47s; third class, £9 to £11 10s; liveweight average, 48s. **Fat Cattle**—Cows and bulls, second class, £15 to £28; liveweight average, 44s; third class, £10 to £13 10s; liveweight average, 40s. **Springers**, cows and heifers, second class, average £20; third class, average £16. **Lambs** (under twelve months old), mountain, 16s to 21s. **Store sheep**, one year old and under two years, mountain, 24s to 29s; two years old and over, mountain, 30s to 38s 6d.—**Report of Department.**

Sliocht ón *Derry Journal*, ar a bhfuil liosta na bpraghsanna ó aonach na nGleannta, 1916 (Le caoinchead ó *Derry Journal*.)



Teachíní Saothraithe – plean shamhail D, 1908

(Cartlann Contae Dhún na nGall.)

Seilbh Talaimh agus Tithíocht

Go dtí go mall sa 19ú haois agus luath sa 20ú haois ba bheag feirmeoir in Éirinn ar leofa an talamh a shaothraigh siad. Shaothraigh siad ar fhearainn dhílse, sealúchas na n-aicmí saibhre a raibh talamh acu, cuid mhaith acu ar 'tiarnaí talaimh neamhchónaitheacha' iad, lonnaithe i Sasain. I ndiaidh blianta feachtasaíochta ag Conradh an Talaimh agus eagraíochtaí eile, agus sraith d'achtanna talamh-cheannaigh ó 1870, de réir a chéile tháinig feirmeoirí i seilbh a gcuid feirmeacha féin. De bharr an Chéad Chogaidh Dhomhanda, stad ceannach talaimh fá 1916 agus níor thosaigh arís nó gur thionscain Saorstát Éireann a bheartas cheannach éigeantach na n-eastát a bhí go fóill á ligean ar cíós. De réir a chéile, faoi dhréachtaí éagsúla reachtaíocht tithíochta, fuair sclábhaithe talmhaíochta a bhíodh fostaithe ag feirmeoirí, athchóiríocht i dtithe coiteora a thóg an chomhairle áitiúil.

Feabhsuithe san Fheirmeoireacht agus san Iascaireacht

Chuidigh scéimeanna de chuid Bhord na gCeantar Cúig (BCC) le feirmeoireacht agus iascaireacht a fheabhsú. Orthu sin bhí tógáil céanna agus iarnród, soláthar cuidiú airgeadais d'fhiontair áitiúla agus d'fhorbairt talmhaíochta, agus

Alt ó pháipéar nuachta ar fhorbairt comharchumann i gCúige Uladh, 1916

(Le caoinhead Derry Journal.)

CO-OPERATIVE NEWS.

Six new Agricultural Societies have been registered in Ulster since the beginning of the present year. Two of these are already in active operation, two which were primarily intended to operate as flax societies are to start work in his department at the opening of the moulting season, and the two remaining ones have not yet succeeded in finding suitable premises. One other society is in process of organisation.

In addition to the above a new Milling Society has been registered at Ardara, Co. Donegal. There is already a very successful Agricultural Society in this district, and the object of the new society is to take over the site of an old mill and erect the necessary buildings and plant for grinding purposes.

Unfortunately there are still a number of agricultural societies in Ulster which are only serving their members to a very small extent. There is a wide field of usefulness for all societies of this kind, not only in the marketing of general farm produce, but also by adopting the co-operative implement scheme. So far the promoters of this scheme have found it very difficult to induce many of the older established societies to extend their activities in this direction. Mr. Lowry will direct special attention to this field of organisation work during the coming winter, so it is to be hoped that before another year most, if not all, of our co-operative societies will have availed themselves of this useful scheme.




Baint an fhéir i gCionn Mhálanna, c.1900idí (Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)

ceannach talaimh a éascú d'fheirmeoirí laga. D'fhéach an Roinn Talmhaíochta agus Ceardoideachais le cleachtais feirmeoireachta a fheabhsú fríd oiliúint, dheontais agus bhronnadh duaiseanna. D'fhás comharchumainn fosta sa chéad deich mbliana den fhichiú céad. D'éirigh go háirithe le Comharchumann Theampaill Chróine a bhunaigh Paddy 'The Cope' Ó Gallchóir, agus a bhí deich mbliana ar an tsaol i 1916.

Úsáideadh capaill oibre go fóill go forleathan ar fheirmeacha i dTír Chonaill i 1916. Níor bhunaigh an Roinn Talmhaíochta agus Ceardoideachais earnáil mótartharracóirí go dtí mí an Mhárta 1917. In 1917 fosta a cláraíodh na chéad Tarracóirí Ford i dTír Chonaill.

Iascaireacht

Ba chuid ríthábhachtach riamh de gheilleagar Chontae Dhún na nGall an iascaireacht agus roimh an Chéad Chogadh Domhanda bhí suas le 7,000 duine rannpháirteach, páirtaimseartha agus lánaimseartha, i dtionscal na hiascaireachta. B'fheirmeoirí fosta a lán acu. Bhí tábhacht ar leith leis na scadáin nó ba chuid de ghnáthchothú mhuintir Dhún na nGall iad.



Iascaire i gContae Dhún na nGall, c.1900idí
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)



Leasú éisc sna Dúnaibh, c.1900idí

(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)

Roimh an Chéad Chogadh Domhanda bhí an iascaireacht cheana féin faoi bhagairt sa chontae agus gan na driftéir mhóra ghaile a bhí ag iascairí na hAlban agus na Sasana a bheith ar acmhainn iascairí Dhún na nGall. Bhí siad siúd fágtha i muinín bád ba lú ar nós gheoltaí an Chaisleáin Nua. Ba mhinic a roinn comharsana na soithí. Bhí na driftéir ghaile mór agus cumhachtach. D'fhéadfadh iascairí éalú go gasta lena ngabháil, agus í a onnmhairiú ar phraghas maith go dtí an Bhreatain. Chaithfeadh iascairí na háite, lena mbádaí ráhmaíochta agus seoil, a bheith sásta méideanna ba lú dá dtáirge a dhíol, agus dul a obair sa mhórtionscal ag pacáil, dí-inniú, leasú agus carraeireacht. Sna blianta roimh 1916 áfach, bhí BCC tosaithe ar chlár le tionscal na hiascaireachta a fhorbairt i nDún na nGall. Chuidigh siad le hiascairí na háite sé dhriftéar gaile a cheannach. Lorg BCC ansin tuilleadh infheistíocht caipitiúil le tionscal nua-aimseartha iascaireachta a chruthú sa chontae. Ach chuir an Cogadh isteach ar an chlár. D'fhoréiligh an Aimiréalacht na driftéir ghaile. Sheol an *Calistoga* agus an *Gweedore* go dtí an Dardainéil le bheith páirteach sa chogadh, agus cailleadh an *Calistoga* sé seachtaine i ndiaidh di teacht. Cailleadh an *Finross* ar muir ar 26 Samhain 1916. Agus le linn an chogaidh, leag an Aimiréalacht mianaigh feadh chósta thuaidh Dhún na nGall agus cuireadh srian le hiascaireacht ó Chionn Mhálanna go Toraigh. Daoine a bhí páirteach san iascaireacht agus a tionscail choimhdeacha, fágadh gan obair iad. Ach lean fir na háite den iascaireacht chois cladaigh, ar shiúl ó na mianaigh. Bhí na scadáin flúirseach in 1916–1917 agus na praghsanna a thit, d'ardaigh siad arís. D'fhéadfadh moill a bheith ar onnmhairiú táirge ach chuidigh Síneadh Leitir Ceanainn agus Ailt an Chorráin le lastaí éisc a iompar chun an mhargaidh ar iarnród.

Agus fostaíocht gann sa mhórtionscal iascaireachta b'éigean do dhaoine obair a lorg in áit eile, agus is minic a lean siad den imirce shéasúrach go hAlbain. Ach fá 1916, an cogadh ag dul i bhfad agus líon na marbh ag méadú, d'éirigh na feachtais earcaíochta ní ba mhó agus ní ba phráinní. Oibrithe óga a chuaigh go hAlbain, bhí siad i gcontúirt a gcoinscríofa sna sluaite cogaidh. D'fhan a lán acu sa bhaile díomhaoin, ainneoin éileamh a bheith ar oibrithe agus an líon fear a bhí i mbun cogaidh.

Ba chleachtas forleathan é i nDún na nGall i dtosach an fhichiú haois páistí chomh hóg le naoi mbliana a fhostú le dul a obair ag feirmeoirí i gceantar saibhir an Lagáin (in oirthear Dhún na nGall). Ach mhéadaigh go mór ar líon na bpáistí a chaithfeadh an scoil a fhágáil agus dul a obair cuid den bhliain nó i rith na bliana ar an Lagán nó fiú ina 'spailpíní prátaí' in Albain ó 1915 go 1918, agus múinteoirí i dTír Chonaill in éadóchas go bhfaigheadh páistí oideachas cóir choíche



Lá aonaigh sna Gleannta, c.1900idí
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)

Saol an Bhaile Mhoir

Ba chontae tuaithe don chuid ba mhó é Dún na nGall in 1916. Ní raibh an daonra mór i mbailte agus i gceantair uirbeacha. I Leitir Ceanainn, an baile is mó sa chontae ansin agus anois, is dócha nach raibh an daonra mórán níos mó ná a cláraíodh i nDaonáireamh 1911: 2,194.

Ó tháinig rialtas nua-aimseartha áitiúil in 1898, don chéad uair riamh bhí páirt ag gnáthdhaoine i bhforbairt a ndúiche féin agus fá 1916 bhí cead guthaíochta agus seasamh i ngach toghchán áitiúil ag úinéirí réadmhaoine, idir fhir agus mhná. Ba iad Comhairle Contae Dhún na nGall agus na Comhairlí Ceantair Tuaithe agus Uirbigh, chomh maith leis na Boird Bhardachta, a bhí freagrach as soláthar tithíochta a bhí glan agus slán, soláthar uisce, córais séarachais, bóithre agus cosáin, agus soilsiú poiblí, chomh maith le cosc an iliomad galar tógálach a bhí ann i gcónaí.



Ard an Rátha, c.1900idí
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)

I Leitir Ceanainn mar shampla, bhí Fir Dhromchla fostaithe ag an Chomhairle Ceantair Uirbigh leis na bóithre a chothabháil. Ba chuid den obair seo clábar a bhaint den tsráid agus nuair a bhí an aimsir te, uisce a chur ar na sráideanna le leibhéal an deannaigh a íslíú. Ba chuid d'obair na gComhairlí Tuaithe agus Uirbigh tógáil agus cothabháil tithe úra i gceantair uirbeacha (faoi Achtanna Cóiríochta an Lucht Oibre agus Tithe Coiteora) chomh maith le cigireacht tithe príobháideacha agus

lóstín/tithe iostais dá sílfí iad a bheith contúirteach don tsláinte phoiblí nó mí-fhóirsteanach mar áitreabh cónaithe daonna.


Bhí an tithíocht bunúsach ag bunús na ndaoine in 1916, gan níos mó ná dhá sheomra ina lán tithe agus is beag ceann a raibh leithreas ná seomra folctha ann, gan trácht ar uisce reatha ná aibhléis. I mí an Mheithimh 1916, rinne oifigeach leighis Chomhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall gearán go raibh barraíocht “bréanlach agus carn aoiligh róchógarach do thithe cónaithe” i dTamhnach an tSalainn agus gur “siocair dhrochshláinte” iad (CCT Dhún na nGall, Meitheamh 1916, CCDG).

Ag tús 1916, bhí an Chéad Chogadh Domhanda ag réabadh leis le hocht mí dhéag, líon na marbh ag síormhéadú agus a pháirt sa chogadh ag cur mhórbhrú airgeadais ar rialtas na Breataine. Bhí an tóin ag titim as a lán d’fhorbairt thábhachtach áitiúil, tógáil tithe san áireamh, agus airgead, obair agus ábhair ag éirí gann. Toghcháin áitiúla, a bhí le réachtáil in 1916, cuireadh ar ceal iad.


I mí na Samhna 1916, thuairiscigh Comhairle Ceantair Tuaithe Leitir Ceanainn go raibh duine dá gconrathóirí tithíochta, a bhí ag iarraidh síneadh ar a chonradh, ag gearán go raibh moill ar thógáil iostán cionn is “go ndeachaigh a raibh de chuidiú aige isteach san arm” (CCT Leitir Ceanainn, Samhain 1916, CCDG).

Ach, leanadh le cuid den obair a bhí beartaithe nó tosaithe sna blianta roimhe sin cé gur minic moill ar í a chríochnú. Mar shampla, i mBéal Átha Seanaidh i mí Feabhra, bhí ceithre cinn déag de thithe coiteora á dtógáil ag Sráid na hÉirne, agus bhí tógáil tithe ar siúl ag an Charraig Bhuí, Páirceanna an Bhaile agus Machaire Cairthe. Ar na Gleannta i mí Feabhra, mheas an Chomhairle Ceantair Tuaithe (CCT) gur caitheadh £1,800 ar thithíocht i 1916, agus go raibh roinnt tithe sa cheantar tógtha fá mhí Iúil.

Léiríodh tábhacht uasdátú na gcóras uisce agus séarachais i mí Feabhra 1916 nuair a bhí tuile uisce séarachais fríd na tithe ag Rae na hAbhann i mBun an Phobail. I mí na Bealtaine shocraigh CCT Inis Eoghain ar shéarach úr a thógáil sa cheantar nó b’éigean síorfhaireachán a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair uisce a bhí ann.



Fógra ó Chomhairle Ceantair Tuaithe Bhun Cranncha, ag iarraidh tairiscintí do shoilsiú ar a sráideanna, 5 Meán Fómhair 1916 (Cartlann Contae Dhún na nGall)




Imlitir ó Bhord an Rialtais Áitiúil chuig gach údarás áitiúil, maidir le toghcháin 1916 a chur ar ceal, 30 Aibreán 1917 (Cartlann Contae Dhún na nGall.)

Tuairiscíodh ar 8 mí lúil ag CCT na nGleannta gur drochthoradh a fuarthas ar anailís an uisce.

Le linn an Chogaidh, tháinig méadú ar líon na saighdiúirí i gContae Dhún na nGall, in Inis Eoghain go háirithe agus in amanna b'údar achrainn é idir muintir an bhaile, na húdaráis áitiúla agus an Oifig Cogaidh. Is minic a cuireadh i leith saighdiúirí go mbíodh siad ag tiomáint go róghasta ar bhóithre na háite agus ag déanamh dochair do na bóithre. I mí na Bealtaine, shocraigh CCT Inis Eoghain ar dheontas a iarraidh ar an Oifig Cogaidh a chuideodh le cothabháil na mbóithre ó Bhun Cranncha go dtí an Dún Riabhach, a gheall ar an trácht trom míleata a bhí orthu. Ar 1 Meitheamh tá freagra sna miontuairiscí ó Gharastún Loch Súilí, a dúirt nach raibh an trácht trom go leor le dochar a dhéanamh don bhóthar, agus nach raibh aon riachtanas le deontas ón Oifig Cogaidh (CCT Inis Eoghain, Bealtaine, Meitheamh 1916, CCDG).

D'oibir an Cogadh tionchar fosta ar na hiarnróid. Mhéadaigh costas an bhreosla, agus le ganntanas páirteanna spártha agus feisteoirí oilte níorbh fhéidir rothstoc (innill agus carráistí) a choinneáil i gcóir mhaith. Tionóladh cruinniú ar leith de Chomhairle Contae Dhún na nGall anonn in 1916 leis na deacrachtaí leanúnacha a phlé. Ordaíodh go gcaithfí geaftaí agus fir gheafta a chur ar achan chrosaire comhréidh agus "go mbeadh innill in ann paisinéirí a thabhairt a fhad nó in aice leis na hamanna a luadh sna cláir ama." Éilíodh fiosrúchán poiblí. (*Derry Journal*, 4 Deireadh Fómhair 1916).



Sliocht as litir ó H. Thompson go Comhairle Ceantair Uirbigh Bhun Cranncha, maidir lena sholáthar lag uisce, 3 Bealtaine 1916
(Cartlann Contae Dhún na nGall.)



Stáisiún Traenach Ghaoth Dobhair, c.1900idí
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)

38 REGISTER OF <i>Lower Fahan</i> NATIONAL SCHOOL.									
Date of Entrance.	Register Number.	PUPIL'S NAME IN FULL.	Age of Pupil last Birth Day.	Religious Denomination.	RESIDENCE.	Occupation or Means of Living of Parents.	State the Name and County of the last National School at which the Pupil attended; and the Class in which he last passed.		
							School.	County.	Class.
22. 5. 16	357	1 Phyllis Martin	7	R.C.	Buncrana	Photographer	Kellymacarry	Donegal	II
22. 5. 16	358	2 Margaret McKinley	4	I.C.	Buncrana	Labourer	Never at School before.		
26. 6. 16	362	3 Anne Harpham	9	I.C.	Buncrana	Thine Sweeper			
2-10-16	368	4 James Little	8	I.C.	Linsfort	Farmer	Linsfort N.S.	Donegal	II
2-10-16	369	5 Mary Anne Little	7	I.C.	Linsfort	Farmer	Linsfort N.S.	Donegal	II

Sliocht as leabhar tinrimh Scoil Náisiúnta Fhathain Íochtair, 1916
(Le caoinhead ó Scoil Náisiúnta Fhathain)

Páistí agus Saol na Scoile

Is beag a d'athraigh saol scoile páistí sa chéad fiche bliain den fhichiú haois.

In 1831 a bunaíodh córas na scoileanna náisiúnta in Éirinn. Ach, níorbh éigean freastal ar scoil nó gur ritheadh Acht Oideachais na hÉireann in 1892. Faoin acht sin chaithfeadh páistí ó aois a 6 go 14 freastal ar scoil 150 lá ar a laghad achan bhliain. Reáchtáil údaráis áitiúla coistí freastal scoile in iarracht le freastal a chur i bhfeidhm ach ní i gcónaí a d'éirigh leofa. De réir thuairisc na gCoimisinéirí ar oideachas 1916, d'fhreastail 70% de pháistí ar scoil, ráta a measadh a bheith maith i bhfianaise choinníollacha na bliana sin. Fiú más cruinn an figiúr sin níl amhras ach go raibh an 30% nár fhreastail ar scoil ag obair, sa bhaile, i gcontaetha in aice láimhe nó in ísealchríocha na hAlban.

Is iomaí dushlán a bhí rompu siúd a d'fhreastail ar scoil agus roimh a múinteoirí. De bharr chostas an chogaidh bhí oibreacha caipitiúla, tógáil scoileanna san áireamh, ar fionraí. In 1916, bhí tithe scoile tuaithe i gContae Dhún na nGall bunúsach, gan iontu de ghnáth ach seomra amháin. Ba mhinic sa gheimhreadh a chaithfeadh páistí connadh agus móin a chruinniú ón chomharsanacht leis an fhoirgneamh a choinneáil te. Ba mhinic a bhíodh páistí i dteaghlaigh feirmeoireachta nó oibre as láthair ón scoil le bheith ag cuidiú sa bhaile,

COPY OF SCHOOL TIME TABLE.

(a) Time at which School opens each morning 9.22 a.m.
 (b) Time for combined Secular Instruction--From 10.0 a.m. to 3.0 p.m.
 (c) Time for Religious Instruction
 (d) Time of commencement of Attendance, or Half-Attendance 10.50.
 (e) Vacations

Dates on which School was closed during school year to be entered on 30th June.

Time		OCCUPATION OF THE STANDARDS							
From	To	I. Std.	II. Std.	III. Std.	IV. Std.	V. Std.	VI. Std.	VII. Std.	VIII. Std.
10.0	10.30	Math	Math	Math	Math	Math	Math	Math	Math
10.30	11.0	Reading	Reading	Reading	Reading	Reading	Reading	Reading	Reading
11.0	11.30	Writing	Writing	Writing	Writing	Writing	Writing	Writing	Writing
11.30	12.0	Arithmetic	Arithmetic	Arithmetic	Arithmetic	Arithmetic	Arithmetic	Arithmetic	Arithmetic
12.0	12.30	Geography	Geography	Geography	Geography	Geography	Geography	Geography	Geography
12.30	1.0	History	History	History	History	History	History	History	History
1.0	1.30	Music	Music	Music	Music	Music	Music	Music	Music
1.30	2.0	Art	Art	Art	Art	Art	Art	Art	Art
2.0	2.30	Physical Education	Physical Education	Physical Education	Physical Education	Physical Education	Physical Education	Physical Education	Physical Education
2.30	3.0	Religion	Religion	Religion	Religion	Religion	Religion	Religion	Religion

Give here a brief statement of the grouping of Standards adopted.
 Principal :- Standards I - VIII. All Subjects (Music & Handwork omitted).
 Assistant :- Standards I - II & IV. All Subjects. Std. I - VIII. - Music & Handwork.
 Principal :- Standards I - III. Geography.

Enter here a complete copy of Master's Time Table.
 Enter here the day in each week, and the time of a short Catechism Lesson as given by Master.
 Enter here the days and hours of which Extra Catechism lessons, beyond the Standard hours, are given.

Algebra :- Mon. & Wed. 9.20 - 10.0
 Geometry :- Tues. & Thurs. 9.20 - 10.0

Principal Teacher's Signature: *W. Crawford*
 Date: 10/7/16

Clár ama do Scoil Náisiúnta Mhás an Easa, Iúil 1916
(Cartlann Contae Dhún na nGall)

Sliocht as leabhar rolla Scoil Náisiúnta Mhás an Easa, le líníocht staidéar ar an nádúr a rinne an dalta Letitia Ní Bhairr, Deireadh Fómhair 1916 (Cartlann Contae Dhún na nGall)

le linn obair an fhómhair go háirithe. Ba mhinic a théadh páistí ar scoil costarnocht, i míonna an tsamhraidh go háirithe, agus ba mhinic as láthair iad de dheasca tinnis.

Bhí córas foghlama an ama sin sna scoileanna difriúil agus páistí ag foghlaim de ghlanmheabhair (ag cuimhneamh ar gach a d'fhoghlaim siad) agus glacadh le pionós corpartha. Teagascadh cuid de chailíní agus bhuachaillí i scoileanna

Leabhar Rolla do 'ábhar breise', Gaeilge, á teagasc i Scoil Náisiúnta Mhás an Easa, Meitheamh 1916

(Cartlann Contae Dhún na nGall.)

Visited from 1 to 2.2.5 2 day of June 1906

Name of Teacher giving instruction in Special Branch.	Special Branch taught.	Date of
Principal, Wm. L. L.	Laundry	Organiser's Course
Assistant, Miss Kelly	Needlework	

Proficiency of Classes

Creditable work under difficult conditions

Needlework

1. Specimens to be preserved as shown, dated in books.

2. Girls in 5th Std might have garments suitable to their Std (in programme)

3. Buttoning out might be practised every month

SUGGESTIONS.

1. Grate needs attention as very little practice can be done with a large class.

2. Even with present grate more practice might be done; (e.g. day 6 girls washed 3 articles & were left kept busy)

3. A temporary line might be put up as lesson; it is wrong to have garments hung on metal when damp

Organiser.

Sliocht as Leabhar Breathnóireachta an Eagraí do Scoil Náisiúnta Mhás an Easa, 2 Meitheamh 1916

(Cartlann Contae Dhún na nGall)

scartha ach d'fhreastail buachailli agus cailíní araon ar bhunús na scoileanna tuaithe. Ba iad na príomhábhair in 1916 léamh, scríobh, uimhríocht (mata bunúsach), stair agus tíreolaíocht. Cailíní amháin a d'fhoghlaim 'ábhair sa bhreis' mar chócaireacht, níochán agus obair shnáthaide. Bhíodh ranganna líníochta agus amhránaíochta ann fosta chomh maith le reiligiún agus staidéar dúlra.

An chléir áitiúil de ghnáth, Protastúnach nó Caitliceach, a rinne maoirsiú ar bhainistiú na scoileanna náisiúnta. Roimh bhunú Shaorstát Éireann in 1922, níorbh éigean do pháistí Gaeilge a fhoghlaim. Ba mhinic a teagascadh ábhair mhatamaitice ní ba chasta mar ábhair sa bhreis.

Thugadh Cigirí Roinn an Oideachais cuairt ar scoileanna lena chinntiú go raibh an teagasc ar an chaighdeán a theastaigh, agus go raibh dea-bhail ar na scoileanna féin. Is minic a bhíodh múinteoirí in éineacht leis na páistí freagrach as glanachar a choinneáil agus timpeallacht saor ó dheannach. Roinnt uaireanta idir Márta agus Meitheamh 1916 thuairisc Cigire Scoil Náisiúnta Dhroim Eochuille ar an riachtanas le clóiséid (leithris) agus urláir a bheith sciúrtha scuabtha agus an foirgneamh aeráilte go maith. (Clár SN Dhroim Eochuille, CCDG).

Luaigh an cigire fosta i mí na Bealtaine 1916 go gcaithfí smacht a fheabhsú. "Ní cóir tormán ná caint gan riachtanas a cheadú," a scríobh sé ar 8 Bealtaine 1916. I mí na Samhna an bhliain sin, leag an cigire béim ar thábhacht na scríbhneoireachta néata agus ar fheabhsú i bhfoghlaim táblaí. Thug sé tuairimí fosta a bhain le teagasc amhránaíochta agus líníochta, ag cur a dtábhachta mar ábhair in iúl in 1916.



An chéad fhoirgneamh do Choláiste Uladh
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)

Coláiste Uladh

In 1905 a bunaíodh Dáil Uladh, eite Uladh Chonradh na Gaeilge. Bhí ganntanas múinteoirí oilte ar cheann de na mórchionstaicí ar leathadh na Gaeilge i scoileanna.

“Bunaíodh na Coláistí oiliúna múinteoirí le freastal ar an mhóréileamh ar mhúinteoirí oilte na Teanga Náisiúnta, agus leis an easnamh a leigheas inár gcóras oideachais nach ndearna soláthar sásúil d’oiliúint ár gcuid múinteoirí”
(Comhdháil na gColáistí Gaeilge, 1916)

Ba é an chéad tiomantas aige chun cuidiú le hathbheochan chanúint thuaisceartach na Gaeilge, coláiste samhraidh Gaeilge do mhúinteoirí a bhunú i gCloich Chionnaola, Contae Dhún na nGall. In 1906 bhí an coláiste seo, faoina chéadainm Ardscoil Cholmcille, lonnaithe i dteach cónaithe. Coláiste Uladh a tugadh ina dhiaidh sin air, agus é lonnaithe i halla nuathógtha, is ba chomhartha é ar ré nua i nGaeltacht Thír Chonaill a d’athraigh creatlach gheilleagrach, chultúrtha agus shóisialta na dúiche.

Chuir beartas neamhthuilleamaíochta Chonradh na Gaeilge borradh faoin gheilleagar áitiúil: feistíodh teach na scoile le troscán adhmaid de dhéantús na háite agus thairg teaghlaigh loistín do scoláirí ar cuairt, rud a chuir lena n-ioncam. Le hairgead a chuir Ruairí Mac Easmainn ar fáil a tógadh an halla.